# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007**

# STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

**RÉIMSE STAIDÉIR: AN LUATHAOIS, 1492 - 1815**

**Scrúdú scríofa: 400 marc**
**Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

## DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH - IARNÓIN, 2.00 - 4.50

***Treoracha d'iarrthóirí:***

Freagair Roinn 1, 2 agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 2)
Freagair gach cuid den cheist seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 3, 4, 5, 6.
Freagair topaic amháin ón roinn seo.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair na ceisteanna ar dhá thopaic ón roinn seo.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 2*
**Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558 – 1603**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid :
***Tiarnas Thír Eoghain***.

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) Cén tarlachtaint a luaitear i ndoiciméad A, agus cá bhfuil sé ag tarlú?
   (b) Faoi mar atá ráite i ndoiciméad B, cad tá Ó Catháin a dhéanamh agus cén fáth go bhfuil sé á dhéanamh?
   (c) Agus aird á tabhairt agat ar dhoiciméad B, déan cur síos ar dhealramh Uí Néill.
   (d) Ainmnigh dhá ghléas troda ó na doiciméid A agus B.
   (e) Cén aois (is dóichí) lena mbaineann doiciméad A?

(40)

2. (a) Cé acu doiciméad, A nó B, gur foinse thánaisteach é? Tabhair cúis le do fhreagra.
   (b) Maidir leis na doiciméid A agus B, cé acu díobh seo a leanas is mó a bheadh úsáideach do staraí: doiciméad A; doiciméad B; doiciméid A agus B le chéile? Mínigh do fhreagra.

(20)

3. (a) Cén fáth go raibh baill ó chlanna eile seachas Ó Néill i láthair ag Tulach Óg?
   (b) Tabhair fíric amháin agus tuairim amháin as doiciméad B.

(20)

4. Cén pháirt a ghlac Aodh O Néill sa Chogadh Naoi mBliana?

## - Doiciméad A -

**Líníocht is ea é seo den searmanas ina ndearnadh ceannaire de dhuine de mhuintir Uí Néill ag Tulach Óg i gContae Thír Eoghain. Tógadh é as léarscáil a rinneadh (is dóichí) i 1602.**



## - Doiciméad B -

**Sliocht a bhfuil leasú déanta air is ea é seo ina dtugann staraí an lae inniu cuntas ar an líníocht.**

*Tá ochtar fear atá brúite isteach lena chéile agus iad ag glacadh páirte sa searmanas. Is é an duine sa lár atá ina shuí ar an gcathaoir chloiche an Ó Néill nua. Tá bróg ina láimh ag an duine is gaire dó ar clé agus tá sé á coimeád in airde san aer os cionn cheann Uí Néill. Is cosúil gurb é seo Ó Catháin. Tá an bhróg á húsáid mar chomhartha go bhfuil dóchas acu go mbeidh "Ó Néill nua" ina chomharba fóirsteanach orthu siúd a chuaigh roimhe.*

*Ó hAogáin an té atá ar dheaslámh Uí Néill de réir dealraimh. Tá na daoine eile á gceilt ag an mbeirt chun tosaigh. Tá tua chatha le crann fada ag duine díobh agus tá claíomh ag an duine seo nó ag an bhfear atá chun tosaigh air.*

*Tá na daoine go léir sa phictiúr ceann-nochta agus Ó Néill san áireamh. Tá an ghruaig ina glib thar a n-éadan acu go léir. Tá an fhallaing Éireannach (clóca) a shíneann taobh thíos den ghlúin á caitheamh acu go léir. Tá frainse an-ornáideach leis thar na guaillí agus síos chun tosaigh ar an bhfallaing seo.*

*Tá mar a bheadh seaicéad á chaithemh faoin bhfallaing ag Ó Néill; na balcaisí éadaigh eile atá aige de réir dealraimh ná bríste agus stocaí go dtí na glúine.*

Foinse: G.A. Hayes-McCoy, 'The Making of an O'Neill', Ulster Journal of Archaeology, vol. 33, 1970

## ROINN 2: ÉIRE

**Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos**

*Éire: Topaic 1*

**Leasú agus Reifirméisean in Eirinn na dTúdarach, 1494 – 1558**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Tá an sliocht seo a leanas ag tagairt do Scoileanna na mBard. Léigh é agus freagair na ceisteanna thíos.

*Bhí filíocht chlaiseacach na hÉireann ag brath ar scoileanna a bhí á rith ag clanna áirithe agus tháinig na scoileanna sin le hoidhreacht ó ghlúin go glúin.*

*De ghnáth bhídís á stiúradh ag máistir-fhile (ollamh) amháin. Bhíodh teach aíochta go minic ag an bhfear seo chomh maith. D'fhreastail na micléinn ar an scoil ó Shamhain go Bealtaine. Bhídís ag fanacht i dtithe feirme sa cheantar. Mar shlí bheatha bhí na filí ag brath ar phátrúnacht ó na rialtóiri áitiúla.*

*Dá bharr san, adhmholta (dánta molta) agus marbhnaí (dánta ag caoineadh duine a bhí tar éis bháis) is mó a bhí iontu. Aithrisíodh na dánta seo agus ceol cláirsí ag gabháil leo mar thionlacan.*

P.A. Breatnach in 'The Encyclopedia of Ireland', 2003.

1. Cé bhí ag rith na scoileanna filíochta?
2. Cathain a d'fhreastail na scoláirí agus cá raibh cónaí orthu?
3. Arbh í an mhúinteoireacht an t-aon ghnó a bhí idir lámha ag na máistir-fhilí seo? Mínigh do fhreagra.
4. Cén fáth ar chum na filí adhmholta agus marbhnaí don chuid is mó?
5. Cén chaoi a gcuirtí na dánta i láthair a lucht éisteachta?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Díscaoileadh na mainistreacha.
2. Reibiliún Thomáis an tSíoda i gCill Dara.
3. An tArdeaspag Seoirse de Brún.
4. Eleanor Mhic Gearailt.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén pháirt i gcúrsaí na hÉireann a ghlac Gearóid Mór, 8ú hIarla Chill Dara?
2. Cén ról a bhí ag na mná faoi dhlíthe na nGael?
3. Cén ról a bhí ag Conn Bacach Ó Néill i gcúrsaí na hÉireann?
4. Cén chaoi ar cuireadh plandáil Laoise agus Uíbh Fhailí i bhfeidhm agus cé chomh maith a d'éirigh léi?

*Éire:  Topaic 3*

**An ríocht agus an choilíneacht: an streachailt don lámh uachtar in Éirinn, 1603 – 1660**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta:  10 nóiméad*

Greanadóireacht adhmaid atá **i bpictiúr X ar leathnach 15.** Taispeánann sé an drochíde a tugadh do choilínithe in Éirinn i rith reibiliúin 1641.  Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cathain agus cén áit is dóichí, a tharla an ócáid atá á taispeáint sa ghreanadóireacht adhmaid?
2. Ainmnigh dhá ghléas troda atá na fir ar an taobh clé a iompar.
3. Cé hiad na fir armáilte atá ar an taobh clé?
4. Cén chaoi a ndéantar beagní de na coilínithe?
5. Cad a bhí i ndeascaí (depositions) na bliana 1641?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta:  10 nóiméad*

Scríobh alt gairid at **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Sir Arthur Chichester.
2. Sir Thomas Wentworth.
3. "Go hIfreann nó go Connachta" (Cromail)
4. Louvain.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén tionchar ar Chúige Uladh a bhí ag inimirce na nAlbanach?
2. Cén pháirt a ghlac Richard Boyle agus/nó a chlann i gcúrsaí na hÉireann?
3. Cén ról a bhí ag Sir Phelim Ó Néill i reibiliún 1641?
4. Cén ról a bhí ag Ardeaspag Rinuccini agus/nó ag Luke Wadding i gcúrsaí na hÉireann?

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660 – 1715**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Seo mar a scríobh file Seacaibíteach faoi theacht i gcoróin do Shéamas II.
Léigh é agus freagair na ceisteanna thíos.

*Míle buíochas le Dia*
*I ndiaidh gach anaithe (stoirm) agus géarleanúint a bhí ag bagairt orainn*
*Tá Séamas, an rí a bhfuil meas air, ag an aifreann*
*I Whitehall (Londain) agus garda sagart timpeall air.*

*Tá na hÉireannaigh armáilte!*
*Tá púdar agus gunnaí acu, tá bailte poirt agus bailte intíre faoina smacht*
*Tá buaite ar na Preispitéirigh,*
*Agus tá na fanataicigh imithe agus boladh bréan(lofa) an diabhail fágtha ina ndiaidh acu.*

1. Cén uair a scríobhadh an dán?
2. Conas a thaispeántar go bhfuil an rí bhfábhar na gCaitliceach?
3. Cad iad na buntaistí atá ag na Caitlicigh anois?
4. Cén chaoi a léiríonn an scríbhneoir nach maith leis na daoine atá ina choinne?
5. Ainmnigh file Seacaibíteach.

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Baile Átha Cliath le linn na hAthgairme.
2. Oilibhéar Pluincéad.
3. Parlaimint na bliana 1689.
4. Pádraig Sáirséal.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a d'éirigh le polasaithe Shéarlas II in Éirinn?
2. Cén pháirt i gcúrsaí na hÉireann a ghlac Risteárd Talbóid, Chéad Iarla Thír Chonaill?
3. Cad é an t-ionchur a bhí ag William Molyneaux i gcúrsaí na hÉireann?
4. Cad é an t-ionchur a bhí ag Robert Boyle i bhforbairt na heolaíochta?

*Éire: Topaic 5*

## Coilíneacht in aghaidh ríochta-teannais in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770

A (30 marc)
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht is ea é seo a bhfuil leasú déanta air. Tógadh é as *A Short View of Ireland, 1728* a scríobh an Déan Swift. Léigh é agus freagair na ceisteanna thíos.

- *Is í Éire an t-aon ríocht ar chuala mé trácht faoi ar diúltaíodh saoirse di earraí a onnmhairiú go dtí pé áit ba mhaith léi.*
- *Cuirtear iachall orainn glacadh le dlíthe nár aontaíomar leo riamh.*
- *Tá muid an fad sin ó rí a bheith againn go mbíonn an leas-rí (fear ionaid an rí) as láthair ó ghnóthaí rialtais ceithre chúigiú den am.*
- *Caitear an tríú cuid de chíosanna na hÉireann i Sasana. Brabús ar fad é seo do Shasana.*

1. Cén chaoi a gcuirtear srian ar onnmhairithe na hÉireann?
2. Cén chaoi a dtéann cíosanna na hÉireann chun tairbhe do Shasana?
3. Cad é an cáineadh a dhéantar ar Fhear Ionaid an rí?
4. An bhfuil saoirse ag na hÉireannaigh a gcuid dlíthe go léir a dhéanamh? Mínigh do fhreagra.
5. Cén fáth gur chuir an Déan Swift i gcoinne Leathphinginí Wood, 1722?

B (30 marc)
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Na Cúirteanna Filíochta.
2. Charles Lucas.
3. An tAthair Nioclás Ó Síthigh.
4. Arthur Guinness.

C (40 marc)
*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas

1. Cén fáth go raibh muintir Ponsonby chomh cumhachtach sin?
2. Cad iad na haidhmeanna agus na modhanna a bhí ag na Buachaillí Bána?
3. Cén pháirt a ghlac Séarlas Ó Conchubhair agus/ nó Thomas Wyse chun staid na gCaitliceach a fheabhsú?
4. Cén pháirt a ghlac Peg Woffington agus/nó Toirbhealach Ó Cearbhalláin i saol na hÉireann?

**THALL →**

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Déantar tagairt do theacht i dtreis Bhéal Feirste sa sliocht seo. Léigh é agus freagair na ceisteanna thíos.

*Ó 1770 ar aghaidh tharla cuid mhór atógála i mBéal Feirste. Clúdaíodh abhainn na Fearsaide, rud a rinne tríd-bhealach leathan den tSráid Ard. Tógadh céanna nua. Tógadh Teach na mBocht breá i Sráid na Banríona Thuaidh. Thóg Lord Donegall teach pobail paróiste nua, Malartán agus Seomraí Tionóil agus bhronn sé talamh don White Linen Hall, a d'oscail i 1784.*

*Sa bhliain 1777 chuir Robert Joy comhlacht le chéile chun an chéad mhuileann cadáis a thógáil i Sráid Phroinsias agus ina dhiaidh sin tháinig Béal Feirste chun tosaigh mar lár-ionad do thionscal an chadáis in Eirinn. Faoin mbliain 1791, bhí daonra de ocht míle dhéag sa chathair. Ba é an calafort ba mbó a raibh rath air igCúige Uladh agus an tríú calafort ba mbó in Éirinn.*

*Bhí Béal Feirste céim ar chéim leis an Iúr mar an áit ba mhó ina ndéantaí fiodóireacht lín. An rachmas a bhí ag baint leis an dá bhaile seo, níorbh é an trádáil thar lear amháin ba chúis leis ach freisin an gnó a tháinig chuchu ó lár Chúige Uladh ar na huiscebhealaí intíre.*

Curtha in eagar as J.Bardon, "A History of Ulster", 2005

1. Cad a tógadh i Sráid na Banríona Thuaidh?
2. Cad a chabhraigh leis an bhforbairt sa tSráid Ard?
3. Ainmnigh dhá thionscal a luaitear sa sliocht.
4. Cad a rinne Lord Donegall chun feabhas a chur ar Bhéal Feirste?
5. Luaigh cúis amháin a thugtar do rachmas Bhéal Feirste.

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Máire Áine Nic Artáin.
2. An tOrd Oráisteach.
3. Coláiste Mhá Nuad.
4. Acht an Aontais.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad é an t-ionchur a bhí ag Henry Grattan i gcúrsaí na hÉireann?
2. Cad iad na hathruithe a rinne Nano Nagle ar an gcaoi a dtugtaí oideachas do Chaitlicigh?
3. Cad é an pháirt a ghlac Wolfe Tone i gcúrsaí na Éireann?
4. Cén fáth gur theip ar Reibiliún Loch Garman i 1798?

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR
**Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as an dá thopaic a roghnaíonn tú thíos**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An Eoraip ón Renaissance go dtí an Reifirméisean, 1492-1567**

A (30 marc)
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht is ea é seo a bhfuil leasú déanta air. Tógadh é as tuarascáil a chuir ambasadóir na Veinéise abhaile. Ambasadóir ba ea é i gcúirt Anraí VIII, Shasana (1519). Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Tá Anraí VIII 29 mbliana d'aois. Is mó bua atá aige: is ceoltóir maith é agus is féidir leis ceol a chumadh go maith; marcach sár-mhaith is ea é agus giústálaí den scoth. Labhraíonn sé Fraincis, Laidin agus Spáinnis go maith.*

*Fear an-chráifeach is ea é, téann sé go dtí trí aifreann sa lá nuair a bhíonn sé ag fiach agus uaireanta cúig cinn laethanta eile.*

*Tá an-dúil ar fad aige san fhiach agus is annamh nuair a ghlacann sé páirt sa spórt sin nach ndéanann sé ocht nó deich gcapall a thraochadh.*

*Tá an bhanríon (Caitríona Aragon) 35 bliana d'aois, agus níl sí ró-dhathúil, cé go bhfuil cuma álainn ar a craiceann. Tá sí cráifeach agus chomh deabhóideach is a d'fhéadfaí a rá.*

1. Cé hé an scríbhneoir agus cá raibh sé agus é ag scríobh?
2. Cén chaoi a dtaispeánann an scríbhneoir go raibh an-dúil ag an rí san fhiach?
3. Seachas fiach, ainmnigh gníomhaíocht amháin amuigh faoin spéir a chleacht Anraí VIII.
4. Cén fhianaise a thugann an scríbhneoir le taispeáint go raibh an rí cráifeach?
5. Cén fáth go bhfuair Anraí VIII colscaradh ó Chaitríona Aragon?

B (30 marc)
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Jacob Fugger.
2. Desiderius Erasmus.
3. An tslí ar chuidigh Martain Liútar le tús an Reifirméisin sa Ghearmáin.
4. Pieter Breughel (sinsireach)

C (40 marc)
*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén pháirt a ghlac Michelangelo sa Renaissance?
2. Cad é an tábhacht a bhain le gabháil Mheicsiceo ag Cortes?
3. Cén pháirt a ghlac an Ghinéiv faoi cheannas Calvin sa Reifirméisean?
4. Cén chaoi ar chuidigh priontáil leis an Renaissance agus/nó leis an Reifméisean?



THALL →

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
## Creideamh agus cumhacht: polaitíocht i ndeireadh an séú haois déag, 1567 - 1609

### A (30 marc)
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht is ea é seo a bhfuil leasú déanta air. Tógadh é as cuimhní cinn Blaise de Monluc. Tá sé ag gearán mar gheall ar iompar na gCailvíneach Francach (Úgónaigh) le linn thréimhse na gCogaí faoi Chreideamh sa Fhrainc. Léigh é agus freagair na ceisteanna thíos.

*Bhí scéala faighte, ó gach aon taobh, faoi ráitis i gcoinne údarás an rí ó mhinistéirí sa chreideamh nua. Dúradh liom gur chuireadar cánacha i bhfeidhm agus gur ainmnigh siad oifigigh agus saighdiúirí.*

*Bhí cruinnithe acu i dtithe thiarnaí éagsúla na tíre a bhain leis an gcreideamh nua.*

*Chuala mé chomh maith maidir le formhór na n-oifigeach sa státchiste gur bhain siad leis an gCreideamh nua seo (sin nadúr an duine fonn a bheith air rudaí nua a bheith aige).*

*Agus formhór de lucht an dlí, na breithiúna san áireamh, thréigeadar an sean-chreideamh chun glacadh leis an gceann nua.*

1. Cén ghníomhaíocht de chuid na nÚgónach go raibh an scríbhneoir ina coinne?
2. Cén áit a mbíodh na cruinnithe ag na hÚgónaigh?
3. Cad deir an scríbhneoir linn faoi 'lucht an dlí agus na breithiúna san áireamh'?
4. Cén fáth ar thacaigh formhór na n-oifigeach sa státchiste leis na hÚgónaigh?
5. Cad a tharla do na hÚgónaigh ar lá Fhéile Bairtliméid, 1572?

### B (30 marc)
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. An chúis go ndeachaigh calafort Antwerp i léig.
2. An pháirt a ghlac Caitríona de Medici sna Cogaí faoi Chreideamh sa Fhrainc.
3. An pháirt a ghlac Liam Tostach in Éirí Amach na hÍsiltíre.
4. Michel de Montaigne.

### C (40 marc)
*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén pháirt a ghlac Matteo Ricci i misean na nÍosánach go dtí an tSín?
2. Cén fáth ar theip ar Armáid na Spáinne?
3. Cad iad na hathruithe creidimh a chuir Eilís I i gcrích i Sasana?
4. Cad é an t-ionchur a bhí ag Tycho Brahe i réalteolaíocht?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
**Éiclips na Sean-Eorpa, 1609-1660**

A (30 marc)
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht is ea é seo a bhfuil leasú déanta air. Tógadh é as litir (29/8/1609) ó Galileo Galilei go dtí deartháir a chéile. Léigh é agus freagair na ceisteanna thíos.

*Caithfidh go bhfuil a fhios agat go bhfuil dhá mhí ann ó scaip an scéal gur bronnadh fadradharcán (teileascóp) ar an gCúnta Muiris i bhFlóndras; ba dhóigh leat leis an teileascóp seo go raibh rudaí i bhfad uait gairid duit*

*Bhí mé ag smaoineamh mar gheall air agus rinne mé teileascóp i bhfad níos fearr ná ceann na hOllainne. Fógraíodh an scéal seo sa Veinéis. Seachtain ó shin ordaíodh dom é a thaispeáint don Doge (rialtóir) agus do bhaill go léir an tSeanaid.*

*Tá a lán de na huaisle agus na seanadóiri agus fiú na daoine is sine tar éis dul suas ar na cloigthúir is airde chun radharc a fháil ar na longa ar an bhfarraige agus iad ag seoladh i dtreo bhéal an chuain.*

*Tá siad tar éis iad a fheiceáil go soiléir, cé nach mbeadh said ábalta iad a fheiceáil gan mo theileascópsa go ceann dhá uair an chloig ina dhiaidh sin.*

1. Cad é an nuacht a bhí tar éis teacht ón bhFlóndras?
2. Cad é an t-ordú a fuair Galileo?
3. Cad a rinne na huaisle agus na seanadóirí?
4. Foláireamh dhá uair i dtaobh long, cén chaoi a gcabhródh sé leis an Veinéis?
5. Cén fáth ar chuir an tIonchoisne pionós ar Galileo?

B (30 marc)
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Marie de' Medici.
2. Claudio Monteverdi.
3. "Géarleanúint na gCailleach" (witch-hunting)
4. Christina Banríon na Sualainne.

C (40 marc)
*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amhain** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar mhair éirí amach na gCatalónach chomh fada sin?
2. Cén pháirt a ghlac Albrecht von Wallenstein sa Chogadh Tríocha Bliain?
3. Cén chaoi a raibh tionchar ag fás Impireacht na hOllainne san Áise ar an mháthair thír (an Ollainn)?
4. Cad é an t-ionchur a bhí ag Hugo Grotius agus/nó ag René Descartes sna hathruithe a tharla sa tréimhse inar mhaireadar ?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht is ea é seo a bhfuil leasú déanta air. Tógadh é as an gcuntas a thug Diúc San Siomóin ar Versailles. Léigh é agus freagair na ceisteanna thíos.

*Versailles, an áit neamh-thairbheach, gruama úd, gan radharcanna taitneamhacha uaidh ná coillte ná uisce ná fiú ithir ann mar níl sa cheantar máguaird ach gaineamh súraic nó portach agus ní fhéadfadh an t-aer a bheith sláintiúil.*

*Thóg Louis XIV foirgnimh i ndiaidh a chéile gan treoir ó scéim phleanála ar bith. Tá radharc ar na leithris ó na seomraí ríoga agus ar áiteanna salacha eile a bhfuil boladh bréan (lofa) uathu.*

*Go fírinneach is iontach é niamhracht na ngairdíní, ach glactar leis go mbeadh sé mí-chaoithiúil agus mí-oiriúnach aon úsaid dá laghad a bhaint astu.*

*Ach d'fhéadfadh duine a bheith de shíor ag cur síos ar na mí-bhuntaistí atá ag baint leis an bpálas ollmhór costasach sin agus a chuid tithe lasmuigh a chosain fiú níos mó.*

1. Cad é an locht a fhaigheann an scríbhneoir ar ghairdíní Versailles?
2. Cén fath a dtugtar le tuiscint nach bhfeadfadh an t-aer a bheith sláintiúil?
3. Cén fhianaise atá ann maidir le heaspa pleanála?
4. Conas a thugtar le tuiscint nach raibh teorainn leis an tslí ar chaith Louis XIV airgead?
5. Cérbh í Madame de Maintenon?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Teacht i dtreis Brandenburg faoi Frederick Liam.
2. Leasuithe Pheadair Mhóir na Rúise.
3. Sir Henry Morgan.
4. Le Grand Tour.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén ról a ghlac John sobieski i stair na Polainne?
2. Cén fáth ar briseadh ar mhonarcacht na Stuartach i Sasana?
3. Cén fáth ar éirigh go maith le Comhlacht na nIndiach Thoir (Sasanach)?
4. Cén pháirt i bhforbairt na heolaíochta a ghlac Isaac Newton agus/nó Gottfried Wilhelm Leibnitz?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Impireachtaí á mbunú, 1715 – 1775**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Baineann an sliocht seo a leanas le trádáil idirnáisiúnta agus na torthaí a bhí uirthi. Léigh é agus freagair na ceisteanna thíos.

*Faoi lár an ochtú haois déag ba mhór an t-éileamh mar dheochanna a bhí ar thae, ar chócó, ar ghinéive agus ar rum. Earraí ba ea iad go léir nach raibh geall le haon trácht orthu céad bliain roimhe sin.*

*I measc na ndaoine saibhre líontaí an tae amach as potaí poircealláin a allmhairíodh ón tSín agus i measc gach aicme d'óltaí é le siúcra a allmhairíodh ó Mheiriceá.*

*Bhí hataí béabhar agus síoda ón bPeirs go mór san fhaisean in aicmí arda an tsaoil agus caipíní coinín agus éadach priontáilte ceaileacó sna haicmí ísle.*

*Cruthaíodh nósanna nua nuair a glacadh leis na héilimh nua. Laistigh de thréimhse a bhain le fad saoil an duine an uair sin, bhí tae agus siúcra mar ghnath-bhia ag an bpobal i gcoitinne seachas a bheith ina sóláistí agus lean an t-éileamh don dá earra ag méadú.*

Sliocht a bhfuil leasú déanta air as Kishensky, Geary agus O'Brien, "Civilization in the West", 1995.

1. Ainmnigh dhá dheoch alcólacha a raibh éileamh orthu i lár an ochtú haois déag.
2. Cén t-éadach a raibh éileamh air i measc na ndaoine saibhre agus cén t-éadach a raibh éileamh air i measc na ndaoine bochta?
3. Cé a chaith hataí béabhar agus cé a chaith caipíní coinín?
4. Arbh iad na daoine saibhre an t-aon dream a d'ól tae? Mínigh do fhreagra.
5. Tabhair cúis amháin gur fhás trádáil idirnáisiúnta sa tréimhse sin.

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Leasuithe Chaitríona Mhór.
2. An saol mar a bhí ar phlandáil sclábhaithe sna hIndiacha Thiar.
3. Tógáil canálacha agus bóithre.
4. Jean Jacques Rousseau.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na príomhéachtaí a rinne Maria Theresa ina tír féin agus thar lear?
2. Cén pháirt a ghlac Frederick Mór, rí na Prúise, i gcúrsaí na Prúise agus/nó i gcúrsaí na hEorpa?
3. Cad a bhí san Encyclopédie?
4. Cad é an tábhacht a bhain leis an Boston Tea Party?

**THALL →**

*An Eoraip agus an domhain mór: Topaic 6*

**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Taispeántar cur chun báis Louis XVI, i bPáras, 21 Eanáir 1793 i bPictiúr **Y ar leathanach 15**
Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cé tá curtha chun báis, cén áit ar tharla sé agus cathain?
2. Cén chaoi a bhfuil cosaint á dhéanamh go maith ar láthair an chur chun báis?
3. Cén fáth go bhfuil ceann an Rí á choinneáil in airde?
4. Cén fáth a bhfuil cuid mhaith den lucht féachana agus a gcaipíní á gcoinneáil in airde acu?
5. Cén t-ainm atá ar an ngléas a úsáideadh chun daoine a chur chun báis?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Mary Wollstonecraft.
2. Tom Paine.
3. Bunreacht Sibhialta na Cléire.
4. Cur ar ceal thrádáil na sclábhaíochta.

C (40 marc)


*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas agus cathain a thosaigh Réabhlóid na Fraince?
2. Cén pháirt a ghlac Coiste na Slándála Poiblí i Réabhlóid na Fraince?
3. Cén tionchar a bhí ag Napoleon ar an Fhrainc agus/nó ar an Eoraip?
4. Conas a d’fhás Manchain agus cad iad na fadhbanna a tháinig as an bhfás sin anuas go dtí 1815?

**X**





**Y**

Leathanach Bán